Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**9598/25**

**FIN 601**
**INST 155**
**PE-L 19**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 08/2025 laistigh de Roinn III - an Coimisiún - den bhuiséad ginearálta do 2025 - Formheas - Formheas litreach |

1. An 26 Bealtaine 2025, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle an togra maidir le haistriú leithreasuithe Uimh. DEC 08/2025, i gcomhréir le hAirteagal 31(1) den Rialachán Airgeadais[1].

2. Mar a thaifeadtar in 9435/2025, is é is cuspóir don togra seo suim iomlán EUR 3.77 milliún i leithreasuithe neamhdhifreáilte a aistriú ó Airteagal 30 01 01 (*Cúlchiste riaracháin*) go hAirteagal 20 03 17 (*An Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF)*) agus Míreanna 20 01 02 01 (*Luach saothair agus liúntais — Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíochta*), 20 02 01 01 (*Foireann ar Conradh*), 20 02 02 01 (*Foireann ar Conradh*), 20 03 15 01 (*Oifig na bhFoilseachán*), 20 03 15 02 02 (*An Oifig Eorpach um Roghnú Foirne*), 20 03 16 01 (*An Oifig um Riar agus Íocaíocht Teidlíochtaí Aonair*) agus 20 03 16 03 (*An Oifig um Bonneagar agus um Lóistíocht — Lucsamburg*).

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

3. Tá an t-aistriú á mholadh chun na leithreasuithe a cuireadh i gcúlchiste a chur ar fáil chun íocaíocht an liúntais tithíochta atá le tabhairt isteach d'fhoireann an Choimisiúin ag gráid níos ísle i Lucsamburg a chumhdach.

Agus buiséad 2025 á ullmhú, níor glacadh go fóill an cinneadh chun liúntas tithíochta a bhunú don fhoireann ag gráid níos ísle i Lucsamburg agus cuireadh méideanna a sainíodh mar mhéideanna sealadacha sa chúlchiste riaracháin. I gcomhréir le hAirteagal 49 den Rialachán Airgeadais, ní úsáidfear na leithreasuithe sealadacha sin go dtí go n-aistreofar iad chuig líne bhuiséid eile. Dá bhrí sin, tar éis Chinneadh C(2025) 1584 ón gCoimisiún a glacadh an 18 Márta 2025 lena mbunaítear an liúntas tithíochta, iarrtar na méideanna comhfhreagracha a aistriú chuig na línte iomchuí i dTeideal 20 mar a fhoráiltear i mbarúlacha bhuiséad 2025 i líne bhuiséid 30 01 01.

4. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra maidir le haistriú ag an gcruinniú a bhí aige an 2 Meitheamh 2025.

5. Tar éis an scrúdaithe sin, chomhaontaigh an Coiste um an mBuiséad, trí thromlach cáilithe, a mholadh go molfadh Coiste na mBuanionadaithe don Chomhairle an méid seo a leanas a fhormheas:

- an togra i leith aistriú leithreasuithe atá beartaithe, mar a leagtar amach in 9435/25 é; agus

- an dréachtlitir a leagtar amach san IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an nóta seo.

**IARSCRÍBHINN**

DRÉACHTLITIR

ó: Uachtarán na Comhairle

chuig: Uachtarán an Choimisiúin

cóip: Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

A Uachtaráin,

I gcomhréir le hAirteagal 31(6) den Rialachán Airgeadais an 23 Meán Fómhair 2024[1], cuirim in iúl duit gur cheadaigh an Chomhairle aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 08/2025 laistigh de Roinn III – an Coimisiún – den bhuiséad ginearálta do 2025.

(Clabhsúr dea-mhéine).

---

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).